



# Scéalta Spóirt

Eochairfhocail: forbairt pobail, scoláireacht, bronnta, bainisteoir, lúthchleasaíocht

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht.

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cé a bhunaigh an fhondúireacht Warriors for Humanity?
2. Cérbh iad na haíonna speisialta a bhí i láthair ag an seoladh?
3. Cén fhad a mhairfidh an tsiúlóid a dhéanfaidh ceithre chumann mar chuid den Camino?
4. Cé comh fada agus atá Alan Keirns ag cabhrú le pobail ar fud an domhain iad féin a fhorbairt, dar le Cormac Ó Comhraí?
5. Ainmnigh club amháin a luaigh Cormac a bheidh páirteach sa Camino.
6. Cad atá bronnta ar imreoir óg cispheile as Corca Dhuibhne?
7. Cá bhfuil an t-imreoir óg cispheile seo ag dul ar scoil anois?
8. Cad a deir Aivaras faoin gcaighdeán cispheile atá san ollscoil?
9. Cén t-ainm atá ar bhainisteoir na Gaillimhe sa pheil?
10. Cé mhéad craobh Chonnacht atá buaite ag peileadóirí na Gaillimhe faoi stiúir Joyce?



Foghlaim TG4

# Gníomhaíocht Smaointeoireachta: Léamhthuiscint ar Alan Keirns

Is duine ar leith é Alan Keirns. Is as Droichead an Chláirín i gcontae na Gaillimhe dó. Rugadh é sa bhliain 1977. Fear spóirt go smior a bhí in Alan agus é ag fás aníos. D'imir sé peil Ghaelach agus iománaíocht lena chumann áitiúil agus lena chontae. Bhuaigh sé boinn Uile-Éireann sa pheil Ghaelach lena chlub Bóthar na Trá Cnoc na Cathrach agus san iománaíocht lena chlub Droichead an Chláirín. Anuas air sin, bhuaigh sé bonn Uile-Éireann sa pheil le Gaillimh sa bhliain dhá mhíle is a haon. D'imir sé le foireann iománaíochta na Gailimhe ar feadh na mblianta fada ach faraor níor éirigh leis Craobh na hÉireann a bhuachaint le hiománaithe na Gaillimhe. Ní hamháin gur fear spóirt eisceachtúil a bhí in Alan ach tá an-chuid déanta aige chomh maith ar son na mbochtán san Aifric agus in áiteanna eile ar fud an domhain le hos cionn fiche bliain. Tá an-chuid tograí tosaithe agus curtha i gcrích aige thar na blianta le hairgead a bhailiú dóibh siúd atá ar an ngannchuid. Níl aon amhras faoi mar sin ach gur fear ar leith é an Céiríneach

**Ceisteanna Eolais agus Gramadaí:**

1. Cad as do Alan Keirns?
2. Cérbh é an príomhchaitheamh aimsire a bhí aige agus é ag fás aníos?
3. Cén club lenar bhuaigh sé bonn Uile-Éireann sa pheil?
4. Ar éirigh leis Craobh na hÉireann a bhuachaint le hiománaithe na Gaillimhe?
5. Cén rud eisceachtúil eile taobh amuigh de réimse an spóirt atá déanta ag Alan Keirns?
6. Aimsigh sampla amháin den saorbhriathar ón sliocht.
7. Aimsigh sampla amháin den tuiseal ginideach san uimhir iolra ón sliocht.
8. Aimsigh sampla amháin den aidiacht bhriathartha ón sliocht.
9. Aimsigh sampla amháin de logainm ón sliocht.
10. An bhfuil meas agat ar Alan Keirns? Cén fáth?

# Gníomhaíocht Scríbhneoireachta

Samhlaigh gur tusa duine de na daoine a shiúil an Camino i gConamara. Scríobh <u>iontráil dialainne</u> faoi imeachtaí an lae sin. Is leor 150 focal san iontráil. Déan tagairt do na nithe seo a leanas san iontráil:

· an líon daoine a bhí ann
· an saghas atmaisféir a bhí ann i measc na ndaoine
· an saghas aimsire a bhí ann i rith an lae
· eachtra dhearfach amháin a tharla
· eachtra dhiúltach amháin a tharla
· an saghas bia a d'ith tú i rith an lae
· an chaoi ar bhraith tú ag deireadh an lae

Freagraí

1. Alan Keirns
2. Seaimpíní camógaíochta na hÉireann
3. 15 ciliméadar
4. Scór bliain
5. Club iománaíocht Bhearna/ na bhForbacha, CLG Bhearna/na bhForbacha, club sacair Bhearna/na bhForbacha Aontaithe, club lúthchleasaíochta Loch Lórgain
6. Imreoir faoi 20 na bliana
7. Tá sé ar scoláireacht cispheile in ollscoil i Tennessee
8. Tá caighdeán an-ard san ollscoil
9. Pádraic Joyce
10. Ceithre cinn as a chéile

1. Gaillimh
2. Spórt
3. Bóthar na Trá, Cnoc na Cathrach
4. Níor éirigh
5. Tá an-chuid airgid bailithe aige ar son na mbochtán timpeall na cruinne
6. Rugadh
7. na mblianta, tograí
8. tosaithe, curtha, déanta,
9. Droichead an Chláirín, Bóthar na Trá, Cnoc na Cathrach, Gaillimh, Aifric



Foghlaim TG4